# Celtic Interconnector

La liaison électrique entre la France et l'Irlande
*Connecting the electricity grids of Ireland and France*

## Achoimre ar an Tionscadal

Le tionscadal an idirnascaire Cheiltigh cruthófar idirnasc leictreachais idir Éire agus an Fhrainc chun malartú leictreachais idir an dá thír a éascú. Déanfaidh an nasc an fostáisiún leictreachais atá ann faoi láthair i gCnoc Rátha (in oirthear Chorcaí) a cheangal leis an bhfostáisiún in La Martyre (Finistère, an Fhrainc). Cuirfidh sé le soláthar leictreachais níos inbhuanaithe agus níos seasmhaí tríd an t-aon nasc díreach fuinnimh idir Éire agus Ballstát den Aontas Eorpach a chur ar fáil. Tá an tionscadal á fhorbairt ag EirGrid, oibreoir an chórais aistrithe fuinnimh in Éirinn, agus a macasamhail sa Fhrainc, RTE (Réseau de Transport d'Électricité). Ceaptar go mbeidh sé críochnaithe in 2026.

### San eagrán seo:


- Uasdátú Tionscadail
- Cad atá ag Tarlú faoi Láthair
- Ciste Leasa an Phobail
- Uasdátú RTE (Réseau de Transport d'Électricité)
- Uimhreacha tábhachtacha an Tionscadail
- An Raibh a Fhios Agat


## Uasdátú Tionscadail

Tá trinseáil agus duchtáil ar an mbealach cábla AC 400 kV críochnaithe anois, agus tá athchóiriú an bhóthair ag leanúint ar aghaidh i gcomhar le Comhairle Contae Chorcaí.

Mar gheall ar nádúr na n-oibreacha cáblaithe atá ag teastáil don Idirnascaire Ceilteach, tá próiseas dhá chéim d'athchóirithe bóithre aontaithe le Comhairle Contae Chorcaí.

Is é an chéad chéim ná athchóiriú sealadach bóthair ar limistéir den bhóthar a bhfuil tionchar orthu amháin, lena chinntiú go bhfuil siad ag teacht le leibhéal an bhóthair atá ann cheana féin, rud a fhágfaidh go mbeidh dromchla an bhóthair sábháilte agus infheidhme. Nuair a bheidh na hoibreacha cábaí gaolmhara go léir críochnaithe críochnóidh an fhoireann an dara céim agus an chéim dheireanach, a bheidh ina athbhunú buan bóthair, leithead iomlán ar bhóithre áitiúla níos lú. Arís eile, táimid buíoch d'úsáideoirí bóthair agus do pháirtithe leasmhara tionscadail as a bhfoighne agus na próisis seo á gcur i gcrích ar feadh an bhealaigh chábla.

Is é an chéad chéim eile sa phróiseas cáblaithe ná píosaí de chábla a cheangal. Déantar an obair seo sna bánna acomhail a chuirtear feadh an bhealaigh.

Copyright © 2024 | EirGrid |. All rights reserved.

Co-financed by the Connecting Europe Facility of the European Union

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040



*Baill de Bhrainse Theas na hInstitiúide um Shábháilteacht Cheirde agus Sláinte Éireann ag suíomh an stáisiúin tiontaire i mBaile Adaim.*

## Saineolas a Roinnt

Thug toscaireacht de ghairmithe sláinte agus sábháilteachta ceirde (OHS) ó Bhrainse Theas na hInstitiúide um Shábháilteacht agus Sláinte Cheirde Éireann cuairt ar shuíomh an stáisiúin tiontaire níos luaithe an samhradh seo chun léargas a fháil ar na cleachtais sláinte agus sábháilteachta do thionscadal leictreachais den scála seo.



## Cad atá ag Tarlú faoi Láthair

### Oibreacha cábla

Leanann foirne ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn seasta ar na bealaí cábla. Is iad na chéad chéim eile den obair cábla 400 kV AC do na faid cábla a bheidh le comhcheangal. Déantar an obair seo i gcoimeádáin atá suite sna bánna acomhal atá suite feadh an bhealaigh.

Tá tús curtha le hobair trinseála agus duchtála ar an mbealach cábla 320 kV DC, a shíneann ó shuíomh Bhaile Adaim go dtí an talamh ag Trá an Chaisleáin Chria, Eochaill agus atá ag díriú faoi láthair ar chodanna bealaí cábla atá lasmuigh den bhóthar. Tá tús curtha anois le hoibreacha ar an N25.




*Coimeádán Nexans i mbá comhpháirteach feadh bhealach an chábla, ina gceanglaíonn speisialtóirí le chéile faid an chábla.*

### Stáisiún tiontaire

Tá céim an chumasúcháin agus na créfoirt críochnaithe ag Siemens Energy agus a fhochonraitheoirí ag láithreán an stáisiúin tiontaire ag Baile Adaim, in aice le Carraig Thuathail agus tá siad eagraithe do phríomhchéim na n-oibreacha sibhialta ar an láithreán.

Tá an dúshraith choincréite d'fhoirgneamh rialaithe an stáisiúin tiontaire críochnaithe, táthar ag díriú anois ar an mbunsraith choincréite d'fhoirgneamh an stáisiúin tiontaire. Tá dul chun cinn á dhéanamh maidir le tochailt agus oibreacha ullmhúcháin limistéar an chlaochladáin freisin

### Fostáisiún Bhaile an Ghogánaigh

Tá obair ar bun ag an bhfostáisiún nua-ainmnithe, Baile an Ghogánaigh 400 kV, in aice le fostáisiún BSL Chnoc Rátha 220 kV. Is fostáisiún claochladáin aonair é seo, áit a ndéanfar an soláthar leictreachais 400 kV ón idirnascaire a chlaochlú síos go 220 kV, sula nascfar é isteach sa líonra náisiúnta.



*Beidh 500km den chábla 575km faoin bhfarraige idir Éire agus an Fhrainc.*

## Ar Muir

Tá suirbhéanna mara críochnaithe anois ar an tionscadal idir cósta thoir theas na hÉireann agus cósta na Fraince. Ba é an príomhchonraitheoir cábla tionscadail Nexans a thug faoi.

Chríochnaigh an dá shoitheach, an 'NG Worker' agus an 'Detector' a n-oibríochtaí suirbhéireachta mara ar an gconair chábla ar fad, le gearradh cábla rathúil As Seirbhís (OoS), agus sainaithint Ordanáis Neamhphléasctha (pUXO) féideartha curtha i gcrích, chomh maith le suirbhéanna geoifisiceacha.

Tá an soitheach 'Aethra' eagraithe anois agus tá sé ag obair faoi láthair chun imréiteach réamhthraenála agus glanadh bolláin a dhéanamh feadh an bhealaigh. Tá an obair seo críochnaithe in uiscí na Fraince agus tá sé ar siúl faoi láthair in uiscí na RA.

Bogfaidh an 'Aethra' isteach in uiscí na hÉireann níos déanaí san fheachtas amach ón gcósta, ag brath ar dhul chun cinn le srianta aimsire. Tá EirGrid fós ag dul i dteagmháil leis an bpobal iascaireachta de réir mar a théann an tionscadal ar aghaidh.



**Ronan Lynch**
Oifigeach Idirchaidrimh Iascaigh
087 490 4786

## Gníomhaíocht Pobail - Lá Domhanda na nAigéan

Chun Lá Domhanda na nAigéan a chomóradh, bhailigh fostaithe ag EirGrid níos mó ná 66kg de bhruscar ag Trá an Chaisleáin Chria, Eochaill mar chuid de thionscnamh glantacháin cósta inar bhailigh comhghleacaithe i mBaile Átha Cliath 33kg breise bruscair freisin.

San iomlán, ghlac grúpa de bhreis is 25 oibrí deonach ó EirGrid, in éineacht le baill den phobal áitiúil páirt i gClár Cóstaí Glana An Taisce, ag crapadh suas a gcuid muinchillí chun bruscar a bhailiú.

Rinneadh an bruscar ar fad a bailíodh a mheá agus a shórtáil mar chuid de shuirbhéanna bruscair mara chun an méid agus na cineálacha bruscair ar thránna na hÉireann a chainníochtú agus a logáil trí Chóstaí Glana Éireann, rud a chuir leis an iarracht náisiúnta.



*Bhailigh foireann EirGrid agus baill den phobal áitiúil 66kg de bhruscar ar Thrá an Chaisleáin Chria, Eochaill chun Lá Domhanda na nAigéin a chomóradh.*

## Uasdátú ar Dhúnadh Bóthar

### Trinseáil agus Duchtáil Críochnaithe

- ✓ Cuid A: Bóthar Fostáisiúin Chnoc Rátha L-6989 9
- ✓ Cuid B: An Bóthar Nua L-2966 agus Baile na Cille L-7631 9
- ✓ Cuid D: Na Garráin Uachtarach L-7634 9
- ✓ Cuid E: Cnoc Bhun an Stó (L-3606) 9
- ✓ Cuid J: Bóthar Uimhir L-3610 Ghort an Chrú, ó R626 go hacomhal L-3613
- ✓ Cuid C: Bóthar Uimhir L-7634 go "Hagerty's Cross"/ Na Garráin Thuaidh.
- ✓ Cuid F: L-7639 – Bóthar Bhun an Stó chuig an acomhal ag L7640/ Bóthar Bhaile Adaim
- ✓ Cuid G: L-7640 - Bóthar Bhaile Adaim chuig an acomhal ag L3617 – Bóthar Charraigín
- ✓ Cuid K: L3613 ó Broomfield Ridge (Cumann Gailf Oirthear Chorcaí) go Baile Uí Spealáin Thiar

### Ag Dul ar Aghaidh

- Cuid H: Bóithre: L3617 – Bóthar Charraigín - 10 Meitheamh 2024 go timpeall 4 Deireadh Fómhair 2024
- Tá Roinn H roinnte ina dhá chéim.
    - » Tá Céim 1 de chuid H críochnaithe go substaintiúil.
    - » Tá Céim 2 de chuid H le tosú 06 Lúnasa.
- Cuid L: Uimhreacha bóithre L7617 & L7629 (An Pháirc Thiar)
- Tréimhse an cheadúnais: Dé Luain 24 Meitheamh 2024 go dtí Dé hAoine 16 Lúnasa 2024

Le haghaidh níos mó eolais maidir le dúnadh bóthar féach, le do thoil, www.eirgrid.ie/ celticinterconnector D'fhéadfadh go mbeadh athrú i gceist le haon cheann de na dátaí.

## Ciste Leasa an Phobail

Bronnadh an chéad chéim de Mhaoiniú Sochair Pobail an Idirnascaire Cheiltigh i mí na Nollag 2023. D'éirigh le naoi ngrúpa pobail is fiche ar fud réimse an tionscadail agus fuaireadar €838,987 san iomlán. Le linn an tionscadail déanfar €2.4 milliún san iomlán a dháileadh tríd an gciste seo. Táimid ag tnúth le leanúint ar aghaidh ag obair le SECAD, ár riarthóir ciste neamhspleách, baill an fhóraim tionscadail, comhairlí áitiúla, na pobail níos leithne, agus eagraíochtaí neamhbhrabúis in oirthear Chorcaí, chun cabhrú le forbairt acmhainní roimh an gcéad chéim eile den mhaoiniú. Idir an dá linn, tá a gcuid tionscadal faoi lánseol ag go leor d'faighteoirí na chéad chéime maoinithe.

### Halla Pobail Charraig Thuathail

D'éirigh le Halla Pobail Charraig Thuathail €125,000 a fháil ó Chiste Sochair Pobail an Idirnascaire Ceiltigh chun an halla a athfhorbairt chun spásanna breise a chruthú le haghaidh gorlann do ghnólachtaí beaga, caifé buail isteach, spás méadaithe don óige agus don phobal, agus leabharlann.

Soláthróidh an athfhorbairt atá ar siúl faoi láthair spás breise cruinnithe/ gníomhaíochta thar sheomra mór ilchuspóireach amháin agus dhá sheomra níos lú. Leis seo beidh an campas pobail, atá ag feidhmiú ag a lánacmhainneacht le roinnt blianta anuas in ann sheirbhísí breise a sholáthar láithreach. Beidh an spás breise seo úsáideach freisin do ghrúpaí spóirt, reiligiúnacha, sóisialta agus áineasa.




*Baill de Chlub Óige Bhaile an Martra Bhaile an tSóitéasaigh ar a dturas go hAillte an Mhothair, arna maoiniú tríd an gCiste Sochair Pobail an Idirnascaire Cheiltigh.*

## Comhairle Pobail Bhaile na Martra, Iarratas Cuimsitheach

D'éirigh le Comhairle Pobail Bhaile na Martra €15,000 a fháil ón gCiste Sochair Pobail an Idirnascaire Cheiltigh thar ceann cúig ghrúpa pobail áitiúla.

Ba iad na grúpaí ar cuireadh isteach ina leith ná Club Camógaíochta Bhaile na Martra, Club Óige Foróige Bhaile na Martra /Baile an tSóitéasaigh, Club Peile Gaelach na mBan Bhaile na Martra, Baile Slachtmhar Bhaile na Martra agus Foláireamh Pobail Bhaile na Martra.

Ag labhairt dó faoin maoiniú, dúirt Gerard Broderick, Club Óige Foróige Bhaile na Martra /Baile an tSóitéasaigh:

**Thug an maoiniú a fuaireamar ó EirGrid deis dúinn taithí a thabhairt do bhaill an chlub óige ar an mBoirinn i gContae an Chláir agus ar a áilleacht ar fad. Chonaiceamar an Bhoirinn agus áiteanna eile i gContae an Chláir chomh maith le hAillte an Mhothair. D'fhoghlaim na daoine óga faoin dúlra agus faoin timpeallacht dhifriúil timpeall ar bhithéagsúlacht réigiún na Boirne agus an chaoi a bhfuil sé uathúil agus gur gá é a chosaint.**

Bhain an Chomhairle leas as 'iarratas cuimsitheach' inar féidir le príomhiarratasóir, iarratas a dhéanamh thar ceann roinnt grúpaí nó tionscadal níos lú sa phobal. Is féidir leis seo cabhrú leis an bpróiseas iarratais a ghiorrú do thairbhithe beaga, an méid páipéarachais a laghdú agus fáilte a chur roimh ghrúpaí a bheadh deacair teacht orthu murach sin.



Tugadh an cur chuige iarratas cuimsitheach isteach do straitéis Chiste Sochair an Idirnascaire Cheiltigh chun tacú le tionscnaimh nua ilphobail agus ghrúpaí níos lú i gceantar agus fáiltíodh roimhe mar rogha pobail nuálach agus uilechuimsitheach.




*Boscaí gabhlán gaoithe a cuireadh in airde in Eochaill mar chuid den tionscadal 'More Clay Less Plastic Swift Habitat Project'.*

## Líonra Pobail Ghoirm agus Ghlais Eochaille/ Cumann Na nDaoine

Áirítear ar thionscadail an líonra, a fuair €33,819 san iomlán iad siúd atá dírithe ar bhithéagsúlacht, ar phobal agus ar inbhuanaitheacht, ina bhfuil tionscadal atá ag díriú ar athchóiriú Lochán Pháirc Keane, Eochaill agus tionscadal bosca gabhlán gaoithe.

Tá tógáil boscaí gabhlán gaoithe chun cabhrú leis an speiceas agus a n-ionad pórúcháin in Eochaill a chaomhnú chun filleadh ón Afraic, faoi lánseol.

Tá an chéad cheann de 60 bosca gabhlán gaoithe feistithe ar fhoirgnimh timpeall bhaile Eochaill. Caomhnóidh an obair seo, atá faoi stiúir an tionscadail 'More Clay Less Plastic Habitat Project', daonraí gabhlán gaoithe in Eochaill trí shuíomhanna neadaithe oiriúnacha a chruthú agus clár oideachais a dhaingneoidh na pleananna iomadúla atá ar bun mar chuid de chlár feabhsaithe bithéagsúlachta an phobail áitiúil.

## Uimhreacha tábhachtacha an Tionscadail

# 95,000

líon na n-uaireanta a d'oibrigh na conraitheoirí, Siemens Energy go dtí seo ar shuíomh an stáisiúin tiontaire.

## An Raibh a Fhios Agat?

Tá an Fhrainc idirnasctha le sé thír Eorpacha.

An Ghearmáin (IFD), an Iodáil (IFI), an Spáinn (IFE) agus an Eilvéis (IFS), Sasana agus an Bheilg.



*Radharc ón aer ar oibríochtaí theacht i dtír na Fraince, lena n-áirítear píopaí HDPE a tharraingt.*

## Uasdátú RTE (Réseau de Transport d'Électricité)

Tá oibríochtaí do theacht i dtír na Fraince críochnaithe anois. Áiríodh leis an obair trí phíobán poileitiléin ard-dlúis (HDPE) 450m ar fhad a tháthú, a sheoladh ar farraige, a tharraingt agus a shuiteáil. Ceanglaíodh na píopaí leis an talamh ag baint úsáid as trí oibríocht Druileála Treo Cothrománach (HDD) san iomlán. Thug coinníollacha aimsire fabhracha deis don fhoireann an jab casta seo a dhéanamh.

Tá na príomhoibreacha sibhialta ag dul chun cinn ar shuíomh stáisiún tiontaire Ar Merzher agus táthar ag dul ar aghaidh le struchtúr cruach an phríomhfhoirgnimh agus cumhdach an fhoirgnimh.

D'óstáil RTÉ imeacht le déanaí a chuir fáilte roimh na páirtithe leasmhara áitiúla go léir chun bliain amháin d'oibreacha ar an láithreán a chomóradh. D'aithin an t-imeacht an ról tábhachtach agus an comhoibriú suntasach poiblí agus na páirtithe leasmhara a fuair tionchar dearfach ar dhul chun cinn éifeachtach na hoibre.

Feictear comhoibriú páirtithe leasmhara agus tacaíocht gan staonadh mar choinníoll riachtanach chun todhchaí fuinnimh níos aontaithe agus níos inbhuanaithe a thógáil don Eoraip, don Fhrainc agus don Bhriotáin.

Ina theannta sin, ó cuireadh tús leis an tionscadal, tá 2 mhilliún euro de shochair eacnamaíocha áitiúla agus 3,000 uair an chloig oibre bainte amach sa Bhriotáin.

# Amlíne an tionscadail

## 2024

Suirbhéanna Mara.

Ag leanúint ar aghaidh le hoibreacha trinseála agus duchtála i ndáil le cáblaí talaimh SAAV agus SDAV.

Tús le suiteáil agus nascadh cáblaí talaimh SAAV agus SDAV.

Dul chun cinn ar shuiteálacha stáisiúin tiontaire.

## 2025

Tús le suiteáil cábla mara amach ón gcósta.

Críoch le suiteáil agus nascadh cáblaí talaimh SAAV agus SDAV.

Foirgnimh stáisiúin tiontaire críochnaithe.

## 2026

Críoch le suiteáil cábla mara amach ón gcósta. Feachtais chosanta cábla fomhuireáin. Tástálacha coimisiúnaithe.

Tástálacha córais idirnascaire.

Tús le triail-tréimhse feidhmiúcháin.

# Conas Teagmháil a Dhéanamh Linn

In EirGrid, táimid tiomanta do rannpháirtíocht le pobail ar fud na tíre ag gach céim d'fhorbairt an tionscadail.

Táimid buíoch i gcónaí as foighne agus tacaíocht leanúnach na bpobal, na n-úinéirí talún agus na bpáirtithe leasmhara agus an obair seo á cur chun cinn againn.




### Michelle Walsh

Oifigeach Idirchaidrimh EirGrid
085 870 4999





### Jean O'Donovan

Oifigeach Idirchaidrimh
086 032 6171


Le clárú d'uasdátú tionscadail trí ríomhphoist liostáil ag celticinterconnector@eirgrid.com

Is féidir díchlárú ó uasdátaí ag uair ar bith trí ríomhphost a chur celticinterconnector@eirgrid.com

### Uasdátú Téacs

Más mian leat Uasdátú Téacs a fháil maidir le dúnadh bóithre, cláraigh d'ár seirbhís Téacs SAOR IN AISCE trí théacs a chur chuig **INTER 50015**.

### Uasdátú Ríomhphoist

Más mian leat Uasdátú Ríomhphoist a fháil maidir le dúnadh bóithre seol ríomhphost le do thoil chuig celticinterconnector@sorensen.ie

Déan scanadh anseo chun an t-eolas is déanaí a fháil faoi dhul chun cinn an tionscadail nó téigh go www.eirgrid.ie/celticinterconnector


EirGrid

Co-financed by the Connecting Europe Facility of the European Union

Tá tionscadal an idirnascaire Cheiltigh á fhorbairt ag EirGrid, oibreoir an chórais aistrithe fuinnimh in Éirinn, agus a macasamhail sa Fhrainc, RTE (Réseau de Transport d'Électricité).



Cóipcheart © 2024 | EirGrid |. Gach ceart ar cosaint.

WORLD LAND TRUST™ www.carbonbalancedpaper.com CBP002856

Tionscadal Éireann Project Ireland 2040